# Modúl a Dó

Ranganna a hAon agus a Dó



Tree Council of Ireland

# Modúl a Dó

## Ranganna a hAon agus a Dó

Clár


| | |
|---|---|
| **Codanna an chrainn** | **Bileog Oibre 1-3** |
| **Torthaí agus síolta, bia don fhiadhúlra** | **Bileog Oibre 4-5** |
| **Ag cur Síolta** | **Bileog Oibre 6** |
| **Scaipeadh síolta ag ein agus ainmhithe** | **Bileog Oibre 7** |
| **Biashlabhraí** | **Bileog Oibre 8-9** |
| **Tá solas de dhíth ar phlandaí chun fáis – Tástáil** | **Bileog Oibre 10** |
| **Turas Dúlra** | **Bileog Oibre 1-12** |
| **Na Crainn thart orainn** | **Bileog Oibre 13** |


Tree Council of Ireland

# Codanna an Chrainn



Seo iad



Seo iad

Seo é an

Seo é an

**Banc Focal**

coirt craobha stoc duilleoga



Tree Council of Ireland

# Codanna an Chrainn



Seo



Seo



Seo



Seo iad



Seo

Feach ar phictiúr crainn nó ar chrann beo.
Cuir an focal ceart i ngach abairt.

- Coinníonn na____________________an crann sa talamh.
- Tá dath glas ar na ____________________ .
- Is í an ____________________ craiceann an chrainn.
- Déanann éin a neadacha sna crainn ____________________ .

**Banc Focal**

Fréamhacha duilleoga craobhóga duilleog
toradh síol coirt bachlóg Craobha



Tree Council of Ireland

# Codanna an Chrainn





Tá dath glas ar **dhuilleoga**. Déanann siad bia don chrann.

______________________

Is í an **choirt** craiceann an chrainn. Téann sí timpeall ar an stoc ar fad.

______________________

Teann uisce ó na fréamhacha suas an stoc go dtí na duilleoga.

Is é an **stoc** an chuid is láidre den chrann. Coinníonn sé na craobha in airde.

______________________

Tagann **bia** ó na duilleoga síos tríd an gcoirt go dtí na fréamhacha.

Coinníonn **fréamhacha** an crann sa talamh le nach féidir leis an ghaoth an crann a leagan.

______________________

Faigheann cranna a chuid **uisce** óna fhréamhacha.

Cuir lipéad leis an bpictiúr agus dathaigh é.



Tree Council of Ireland

# Torthaí agus Síolta

Faightear síolta laistigh torthaí.





Caor Cuilinn



Úll



Castán



Sceachóir

Is bia do na hainmhithe
allta na torthaí seo.



Tree Council
of Ireland

# Torthaí agus Síolta

**Líon isteach gach pictiúr le dathanna.**

- Itheann an lon dubh **sceachóirí**.
- Itheann an smólach caora cuilinn.
- Is bia iad úlla do na gráinneoga.
- Itheann an luch dearcain.

**Cuir Lipéad ar gach pictiúr leis an mbia ceart.**













Bain úsáid as leabhar tagartha nó postaer chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil do chuid dathanna ceart.



Tree Council of Ireland

# Ag Fás Síolta






Déan é seo san Fhómhar

**Beidh na rudaí seo ag teastáil uait:**




Próca bláthanna nó cartán glan bainne

Múirín potaithe (gan aon mhóin iontu más féidir chun ár bportaigh a shabháil)

Gaineamh gairneoireach.




## Beidh síolta ag teastáil uait chun iad a chur.

Roghnaigh na cinn atá easca a fhás.



**castán**



**dearcán**



**an coll**



**cnó feá**

## Treoracha

- Déan poill i mbun an chartáin le peann luaidhe.
- Cuir lipéad ar an gcartán le d’ainm, ainm an tsíl agus an dáta.
- Cuir roinnt gainimh sa chartán.
- Líon suas an cartán le múirín. Déan é a mheascadh go maith.
- Cuir an síol isteach sa mhúirín. Brúigh síos é go dtí a dhoimhneacht féin.
- Cuir roinnt bheag uisce ar an ithir.



Fág an soitheach ar leac fuinneoige. Cuir uisce air mar is gá. Ba chóir go dtosnódh an crann ag fás i mí Márta.



Tree Council of Ireland

# Scaipeadh Síolta





Teastaíonn **solas** ó shíolta chun go bhfásfaidh siad suas mar chrainn nua..



Níl go leor solais **faoin** gcrann, áit inar cruthaíodh iad, chun go bhfásfaidh siad ann.

Teastaíonn ó shíolta éalú **ón** gcrann bunaidh chuhn go bhfásfaidh siad suas

Conas is féidir leis na síolta éalú ón gcrann bunaidh.



Teastaíonn síolta ó na **héin** agus na **hainmhithe** mar bhia.



**Beireann** siad leo iad chun iad a ithe.

Beirtear roinnt de na síolta as ach **ní** itear iad. Fásann siad suas mar chrainn **nua**.







Tree Council of Ireland

# Biashlabhraí

**Líón isteach na bearnaí sna biashlabhraí.**



  

| | | |
|---|---|---|
| crann | úll | |

  

| | | |
|---|---|---|
| crann cnó capaill | castán | |

  

| | | |
|---|---|---|
| cuileann | | smólach |

  

| | | |
|---|---|---|
| sceach Gheal | sceachóir | |

**Banc focal**

luch lon dubh gráinneog caor



Tree Council of Ireland

# Biashlabhraí



**Críochnaigh na líníochtaí seo.**

**Cuir lipéid ar na líníochtaí agus dathaigh iad.**



______________________



______________________



______________________



______________________

**Banc Focal**

luch    lon dubh    gráinneog    smólach



Tree Council of Ireland

# Turgnamh

## Beidh na rudaí seo ag teastáil uait:



Trí phlanda prátaí shláintiúla

Mála plaisteach dubh

Bosca cairtchláir le poll i dtaobh amháin

Lipéid

## Seo é atá le déanamh agat

- Cuir planda amháin isteach sa mhála plaisteach agus ceangail go daingean é. Cuir lipéad uimhir a haon air.
- Cuir an bosca cairtchláir thar an dara planda. Cuir lipéad uimhir a 2 air.
- Fág an tríú planda ar leac na fuinneoige. Cuir lipéad uimhir a trí air. Cuir usice air mar is gá.

## Tar éis trí seachtaine... Scrúdaigh na plandaí.

Cuir taobh le taobh iad.Cad a thugan tú faoi deara.

An planda sa mhála ________________________

Cén fáth? ________________________

An planda sa bhosca ________________________

Cén fáth? ________________________

An planda ar leac na fuinneoige ________________________

Cén fáth? ________________________










Tree Council of Ireland

# Turas Dúlra



## Tasc 1

Seasaigí i gciorcal
mór timpeall an chrair

An mó páiste le greim
láimhe ar a chéile ar féidir
a chur timpeall stoc an chrainn?



## Tasc 2

Seasaigí faoi imeall na gcraobh is faide ón gcrann.

Beir greim láimhe ar a chéile. Tá sibh anois i bhur seasamh os cionn imeall na bhfréamhacha is faide ón gcrann..

An mó dalta a bhfuil greim láimhe ar a chéile?





Tree Council of Ireland

# Turas Dúlra



## Tasc 3 Féach ar an gcrann.

✶ Tá na **duilleoga** ag ___ ___ ___ ___ ___ an chrainn.

✶ Tá dath ___ ___ ___ ___ ___ ar **choirt** an chrainn.

___ ___ ___ na **fréamhacha** leathana an crann go daingean

Tógann siad ___ ___ ___ isteach chun úsáide an chrainn.

✶ Tá **stoc** an chrainn mór agus láidir.

An bhfuil sé i gcuid amháin nó an bhfuil sé roinnte? ______

Má tá sé roinnte, an mó cuid de atá ann? ___________

✶ Tosaíonn na **craobha** áit a scarann an stoc.

✶ Cén dath atá ar na duilleoga? ___ ___ ___ ___ ___ .

San fhómhar, bíonn dath ___ ___ ___ ar an-chuid duilleog.

San earrach ___ ___ ___ ___ ___ duilleoga nua.

## Tasc 4 Dean cuimilteáin den chrann.

Dean cuimilteán den choirt nó de dhuilleog chun colláis de chrann a dhéanamh sa rang.



Tree Council of Ireland

# Na Crainn Thart Orainn
## Conas Dealbh Chrainn A Dhéanamh



Is obair í seo don rang go léir.

Ar dtús caithfidh tú duilleoga a bhailiú. Duilleoga móra mar seiceamar, crann cnó capaill nó teile sea is fearr.
Ba chóir duilleog agus í deas, mór a bheith ag gach duine sa rang.

Ina dhiaidh sin, tá tú chun cuimilteán de dhuilleog a dhéanamh. Chuige seo, bíonn giota bán de pháipéar agus é níos mó ná an duilleog agus crián ag teastáil. Ba chóir meascán de chriáin dhaite a bheith ag an rang.

Cuir do dhuilleog faoin leathanach agus cuimil go crua thar an leathanach. Iompaigh an leathanagh thart agus déan an dara cuimilteán. Ba chóir go mbeadh dhá chuimiltéan de do dhuilleoig agat anois ar an leathanach.

Anois ní mór duit an cuimilteán a ghearradh amach. Go cúramach, gearr le siosúr thar timpeall an taobh amuigh de chiumhais an chuimilteáin. Nuair a bheidh seo déanta ag an rang go léir ba chóir go mbeadh bailiúchán ann de dhuilleoga ildaite agus iad ar chóimhéid leis na duilleoga cearta. Bainfear úsáid astu seo anois don dealbh chrainn.

Chun dealbh chrainn déthoimhseach a déanamh, is gá duit cruth de chorp crainn le craobhacha, a ghearradh amach as páipéar donn. Is féidir na duilleoga a ghreamú de na craobhacha ansin agus an crann atá críochnaithe a chur suas ar bhalla an tseomra scoile. Is féidir cuspa trí-thoimhseach a dhéanamh trí chorp crainn a chruthú as rolla fada de chairtchlár agus craobhacha as réiteoirí píopa. Is féidir na duilleoga a shocrú ar na craobhacha ansin agus an t-iomlán a thaispeáint ar bhord.

Chun móibíl de chrann a dhéanamh, ní mór gach cuimilteán de dhuilleog a cheangal de chorda (bain feidhm as éagsúlacht fad) agus déan iad a chrochadh ó áit ard - ar feadh faid chrochaire sreinge b'fhéidir.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tionscadal seo má bhaintear feidhm as crann i gclós na scoile. Muna bhfuil aon saghsanna crann le duilleoga atá sách mór (muna bhfuil agat ach beith nó an sceach gheal) bí ag machnamh ar roinnt eile a chur. Beidh seiceamar a chuirtear ó "héileacaptair" mór go leor chun feidhm a bhaint as tar éis dhá bhliain.



Tree Council of Ireland

# Na Crainn Thart Orainn
## Conas Dealbh Chrainn A Dhéanamh



Is obair í seo don rang go léir.

Ar dtús caithfidh tú duilleoga a bhailiú. Duilleoga móra mar seiceamar, crann cnó capaill nó teile sea is fearr.
Ba chóir duilleog agus í deas, mór a bheith ag gach duine sa rang.

Ina dhiaidh sin, tá tú chun cuimilteán de dhuilleog a dhéanamh. Chuige seo, bíonn giota bán de pháipéar agus é níos mó ná an duilleog agus crián ag teastáil. Ba chóir meascán de chriáin dhaite a bheith ag an rang.

Cuir do dhuilleog faoin leathanach agus cuimil go crua thar an leathanach. Iompaigh an leathanagh thart agus déan an dara cuimilteán. Ba chóir go mbeadh dhá chuimiltéan de do dhuilleoig agat anois ar an leathanach.

Anois ní mór duit an cuimilteán a ghearradh amach. Go cúramach, gearr le siosúr thar timpeall an taobh amuigh de chiumhais an chuimilteáin. Nuair a bheidh seo déanta ag an rang go léir ba chóir go mbeadh bailiúchán ann de dhuilleoga ildaite agus iad ar chóimhéid leis na duilleoga cearta. Bainfear úsáid astu seo anois don dealbh chrainn.

Chun dealbh chrainn déthoimhseach a déanamh, is gá duit cruth de chorp crainn le craobhacha, a ghearradh amach as páipéar donn. Is féidir na duilleoga a ghreamú de na craobhacha ansin agus an crann atá críochnaithe a chur suas ar bhalla an tseomra scoile. Is féidir cuspa trí-thoimhseach a dhéanamh trí chorp crainn a chruthú as rolla fada de chairtchlár agus craobhacha as réiteoirí píopa. Is féidir na duilleoga a shocrú ar na craobhacha ansin agus an t-iomlán a thaispeáint ar bhord.

Chun móibíl de chrann a dhéanamh, ní mór gach cuimilteán de dhuilleog a cheangal de chorda (bain feidhm as éagsúlacht fad) agus déan iad a chrochadh ó áit ard - ar feadh faid chrochaire sreinge b'fhéidir.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an tionscadal seo má bhaintear feidhm as crann i gclós na scoile. Muna bhfuil aon saghsanna crann le duilleoga atá sách mór (muna bhfuil agat ach beith nó an sceach gheal) bí ag machnamh ar roinnt eile a chur. Beidh seiceamar a chuirtear ó "héileacaptair" mór go leor chun feidhm a bhaint as tar éis dhá bhliain.



Tree Council of Ireland